

CAPALL A MBEADH SEARRACH INNTE AG TABHAIRT CUIRP CHUN NA CILLE

Bhí capall ag Joe Cúc a bhí i ngar do shearrach. Tháinig an corp i dtír ag céibh Chill Chiaráin a tugadh trasna i mbád as Cill Bhriocáin. Bhíothas a' ag iarraidh láir Joe Cúc a chur fán gcarr leis an gcorp a thabhairt go Muighros. Ní leigfeadh Joe Cúc dóibh an láir a chur fán gcarr. Dubhairt sé go raibh an láir gar do shearrach agus go gcaillfidhe an searrach dá gcuirtí a' tarraingt an chuirp í.

Is beag nár tharraing sé raic, ach níor cuireadh faoin gcarr í. Dubhairt Mártan